Eurostat/FRA/Preaseisiúint EIGE
An Bhruiséil, 25 Samhain 2024

# Tá foréigean fulaingthe ag bean amháin as gach triúr san Aontas Eorpach

**D’fhulaing aon trian de mhná san AE foréigean sa bhaile, ag an obair nó go poiblí. Tuairiscíonn mná óga gur fhulaing siad leibhéil níos airde gnéaschiaptha ag an obair agus cineálacha eile foréigin ná mná níos sine. Mar sin féin, is minic a bhíonn foréigean in aghaidh na mban dofheicthe toisc nach dtuairiscíonn ach gach ceathrú bean eachtraí do na húdaráis (na póilíní, nó seirbhísí sóisialta, sláinte nó tacaíochta). Is iad sin cuid de thorthaí shuirbhé an AE ar fhoréigean inscnebhunaithe a rinne Eurostat (oifig staitisticí an Aontais Eorpaigh), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) ó 2020 go 2024.**

Léiríonn na torthaí ó shuirbhé an AE ar fhoréigean inscnebhunaithe mná idir 18 mbliana agus 74 bliain d’aois ó gach cearn den AE. Clúdaíonn an suirbhé foréigean fisiciúil, gnéasach agus síceolaíoch, lena n-áirítear foréigean baile agus neamhpháirtí. Tuairiscítear ann freisin gnéaschiapadh ag an obair.

Baineann torthaí an tsuirbhé le saincheisteanna amhail:

- **Leitheadúlacht an fhoréigin:** Tá foréigean fisiciúil, foréigean gnéasach nó bagairtí fulaingthe ag bean amháin as gach triúr san Aontas Eorpach agus iad ina ndaoine fásta.
- **Foréigean gnéasach agus éigniú:** Tá foréigean gnéasach fulaingthe ag bean amháin as gach seisear san Aontas Eorpach, éigniú san áireamh, agus iad ina ndaoine fásta.
- **Foréigean sa bhaile:** Ní bhíonn an baile sábháilte i gcónaí do go leor ban: Tá foréigean fisiciúil nó gnéasach óna bpáirtí, ó ghaol, nó ó bhall eile dá dteaghlach fulaingthe ag bean amháin as gach cúigear.
- **Gnéaschiapadh ag an obair:** Rinneadh gnéaschiapadh ar bhean amháin as gach triúr ag an obair. Tuairiscíonn mná óga leitheadúlacht níos airde, agus gnéaschiapadh fulaingthe ina n-ionaid oibre ag beirt as gach cúigear.
- **Neamhthuairisciú an fhoréigin:** Cé gur labhair tromlach na mban a d'fhulaing foréigean le dlúthghaol nó le dlúthchara faoi sin, ní dheachaigh ach duine amháin as gach cúigear i dteagmháil le soláthraí cúraim sláinte nó seirbhíse sóisialta, agus níor thuairiscigh ach duine amháin as gach ochtar an eachtra do na póilíní.

Rinne Eurostat, FRA, agus EIGE – na trí eagraíocht atá freagrach faoi seach as staitisticí oifigiúla, cearta an duine agus comhionannas inscne san Aontas Eorpach – suirbhé an AE ar fhoréigean inscnebhunaithe i gcomhar le chéile. Rinneadh an bailiú sonraí idir mí Mheán Fómhair 2020 agus mí an Mhárta 2024. Soláthraíonn torthaí an tsuirbhé sonraí a chuirfidh

ar chumas lucht déanta beartas ar fud an AE foréigean in aghaidh na mban a chomhrac agus tacaíocht níos éifeachtaí a thabhairt d'íospartaigh.

Is féidir teacht ar na sonraí i dtacar sonraí Eurostat maidir le foréigean inscnebhunaithe (ar fáil ag 11:00 Am Lár na hEorpa).

In Alt Eurostat Statistics Explained [Staitisticí Mínithe] (ar fáil ag 11:00 Am Lár na hEorpa) tugtar tuairisc freisin ar chuid de thorthaí an tsuirbhé.

Sliocht ó Ard-Stiúrthóir Eurostat Mariana Kotzeva:

"*Inniu, d'fhoilsigh Eurostat, i gcomhar le FRA agus le EIGE, torthaí an tsuirbhé ar fhoréigean inscnebhunaithe ar leibhéal na dtíortha AE. Tá na staitisticí maidir le feiniméan an fhoréigin inscnebhunaithe, feiniméan a bhíonn faoi cheilt go minic, bunaithe ar dhianmhodhanna bailithe sonraí ar fud Bhallstáit an AE, rud a fhágann gur bonn iontaofa iad na staitisticí sin d'fheasacht an phobail agus do ghníomhaíocht bheartais. Gabhann Eurostat buíochas leo siúd go léir a roinn a n-eispéiris le hagallóirí go misniúil, go sábháilte agus go hanaithnid*."

Sliocht ó Stiúrthóir FRA Sirpa Rautio:

"*Níl aon spásanna sábháilte ann do mhná, atá saor ó fhoréigean agus ó chiapadh. Siar in 2014, leis an gcéad suirbhé ar fud an AE uaidh ar fhoréigean in aghaidh na mban, nocht FRA a mhéid a fhulaingíonn mná foréigean gach lá agus i ngach áit. Deich mbliana ina dhiaidh sin, feicimid fós na leibhéil uafásacha foréigin chéanna a mbíonn tionchar acu ar bhean amháin as gach triúr. Tá rátaí an fhoréigin in aghaidh na mban fós i bhfad ró-ard. Ní mór do lucht ceaptha beartas, don tsochaí shibhialta agus d'oibrithe túslíne tacaíocht agus cosaint a thabhairt go práinneach do chearta íospartaigh uile an fhoréigin inscnebhunaithe agus na drochíde sa teaghlach, is cuma cén áit a dtarlaíonn sé.*"

Sliocht ó Stiúrthóir EIGE Carlien Scheele:

"*Nuair a bhíonn fírinne scanrúil romhainn ina bhfulaingíonn bean amháin as gach triúr foréigean san AE, ach nach dtuairiscíonn beagán níos mó ná bean amháin as gach ochtar é, ní mór breathnú go dáiríre ar na saincheisteanna sistéamacha atá ina mbaic maidir le dul chun cinn éifeachtach a dhéanamh. Inniu, le heisiúint thorthaí sonraí ár suirbhé leagtar béim go láidir ar a thábhachtaí atá obair mo Ghníomhaireachta chun deireadh a chur le foréigean inscnebhunaithe. Tá foréigean in aghaidh na mban fréamhaithe sa smacht, sa cheannasacht agus sa neamhionannas. Nuair a dhéantar gné inscneach a chomhtháthú i mbearta coisctheacha, i seirbhísí agus in údaráis, is féidir linn a bheith ag súil go dtiocfaidh níos mó ban chun cinn, agus muinín acu go bhfaighidh siad an tacaíocht a theastaíonn uathu. Toisc go bhfuil sé de cheart ag gach bean a bheith sábháilte - i ngach áit.*"

**Le haghaidh tuilleadh faisnéise, téigh i dteagmháil le:**


- **Eurostat:** eurostat-mediasupport@ec.europa.eu / Teil.: +352 4301 33 408
- **FRA:** media@fra.europa.eu / Teil.: +43 1 580 30 653
- **EIGE:** georgie.bradley@eige.europa.eu / Teil.: +370 6982 78 26